




An Bord um **Fhaisnéis** do Shaoránaigh
faisnéis · comhairle · tacaíocht

Treoir maidir le teidlíochtaí
do dhaoine os cionn
seasca bliain d'aois



Clár ábhar

Íocaíochtaí do dhaoine breacaosta	04
Cúramóirí	09
Seirbhísí sláinte	10
Ag bogadh isteach i gcúram cónaithe	12
Tithíocht	13
Taisteal	15
Cáin	16
Scor	18
Pinsin ghairme agus pearsanta	20
Cinntí a dhéanamh	21
Ceisteanna dlí eile	23
Gearáin agus achomhairc	24
Breis faisnéise	25

D'fhoilsigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an treoir seo. Tá an fhaisnéis sa bhileog seo in ainm is bheith mar threoir amháin agus ní léirmhíniú dlíthiúil í.

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil atá freagrach as tacú le soláthar seirbhísí faisnéise, comhairle, abhcóideachta i dtaca le seirbhísí sóisialta agus as soláthar na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid.

Aibreán 2018

Conas an leabhrán seo a úsáid

Soláthraíonn an leabhrán seo forbhreathnú ar theidlíochtaí le haghaidh daoine breacaosta, ionas gur féidir leat dul i dtaithí go tapa ar an réimse seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil.

Tá leagan ar líne den treoir seo ina bhfuil faisnéis níos mionsonraithe ar gach ceann de na hábhair a chuimsítear.

I gcás rud atá faoi **chló trom** sa leabhrán seo, féadfaidh tú súil a chaitheamh ar an treoir ar líne chun níos mó faisnéise a fháil.

Citizensinformation.ie/treoracha



Sa mhullach air sin, féadfaidh tú faisnéis a fháil ar na hábhair go léir a chuimsítear sa treoir seo ón líonra Ionad um Faisnéis do Shaoránaigh ón tSeirbhís náisiúnta Ghutháin um Faisnéis do Shaoránaigh trí ghlaó ar 0761 07 4000.

Íocaíochtaí do dhaoine breacaosta

Chun cáiliú do roinnt íocaíochtaí leasa shóisialaigh, ní mór go mbeadh dóthain ranníocaíochtaí **Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasta (ÁSPC)** íochta agat. Áirítear leo seo ranníocaíochtaí a d'íoc tú fad a bhí tú ag obair, **ranníocaíochtaí creidiúnaithe** agus **ranníocaíochtaí deonacha**.

Déantar **tástáil mhaoine** ar íocaíochtaí eile leasa shóisialaigh agus braithfidh cibé acu an gcáileoidh nó nach gcáileoidh tú ar d'ioncam.

Íoctar an **Pinsean Stáit (Ranníocach)** le daoine ó aois 66 a bhfuil dóthain ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh acu. Ní dhéantar tástáil mhaoine ina leith. Féadfaidh tú ioncam eile a bheith agat agus Pinsean Stáit (Ranníocach) a fháil go fóill. Má bhí tú ag obair in Éirinn agus i stát amháin nó níos mó san AE, is féidir do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh ó gach stát san AE a chur san áireamh chun cabhrú leat cáiliú. Tá **comhaontuithe déthaobhacha cosúla** ag Éirinn le roinnt tíortha neamh-AE chomh maith.

Muna cháilíonn tú do Phinsean Stáit (Ranníocach), d'fhéadfá cáiliú don **Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)**. Is do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn amháin a íoctar an pinsean seo. Ní mór duit bheith 66 bliana d'aois nó níos sine, agus **tástáil ghnáthchónaithe** agus tástáil mhaoine a shásamh.

Má cháilítear thú d'íocaíocht leasa shóisialaigh, féadfaidh tú méadú a fháil ar d'íocaíocht, chomh maith, do dhuine fásta cleithiúnach (ar a dtugtar **Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe**) agus do leanaí cleithiúnacha (ar a dtugtar **Méadú do Leanbh Cáilithe**).

Tá roinnt forálacha speisialta ann do chuardaitheoirí poist atá breacaosta. Mar shampla, ní gá d'fhormhór na gcuardaitheoirí poist os cionn aois 62 bliain tabhairt faoi phróiseas gníomhachtaithe na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ní gá dóibh síniú gach mí agus féadtar íocaíocht ar nós **Sochar Cuardaitheora Poist** a íoc go díreach isteach ina gcuntas bainc. Féadfaidh cuardaitheoirí poist os cionn aois 62 bliain tacaíochtaí gníomhachtaithe a fháil (mar shampla, cláir oiliúna nó cláir thacaíochta fostaíochta).

Mura gcáilíonn tú d'íocaíocht leasa shóisialaigh eile, d'fhéadfá bheith i dteideal **Liúntas Leasa Forlíontach** (ar a ndéantar tástáil mhaoine) a fháil.

Íocaíochtaí breoiteachta agus míchumais

Íoctar íocaíochtaí áirithe le daoine atá breoite ar feadh tréimhse ghearr. I gcás íocaíochtaí eile, beidh ort a thaispeáint go bhfuil breoiteacht nó míchumas ort a mhairfidh breis agus bliain amháin. Cuirtear stop le formhór na n-íocaíochtaí seo nuair a bhaineann tú aois 66 bliana amach agus d'fhéadfá bheith i dteideal pinsean Stáit a fháil ag an tráth sin.

Íocaíochtaí árachais shóisialaigh iad **Sochar Breoiteachta** agus **Pinsean Easláinte**, atá bunaithe ar do ranníocaíochtaí ÁSPC. Tá Sochar Breoiteachta dírithe orthu siúd ar a bhfuil breoiteacht ghearrthréimhseach agus is féidir é a éileamh ar feadh 2 bhliain ar a mhéid.

Íocaíocht fhadtéarmach is ea Pinsean Easláinte do dhaoine ar a bhfuil breoiteacht thromchúiseach nó míchumas. Aistrítear daoine a bhfuil Pinsean Easláinte á fháil acu go huathoibríoch chuig an bPinsean Stáit (Ranníocach) ag aois 66.

Ní féidir leat obair fad atá ceachtar íocaíocht á fáil agat. Má tá Sochar Breoiteachta (ar feadh sé mhí ar a laghad) nó Pinsean Easláinte á fháil agat, agus más mian leat filleadh ar an obair nó ar fhéinhostaíocht, d'fhéadfá cáiliú do **Shochar Cumais Pháirtigh**. Tacaíonn an scéim seo le daoine a bhfuil a gcumas chun oibre laghdaithe ag a riocht sláinte. Má cháilíonn tú don Sochar Cumais Pháirtigh, d'fhéadfá cáiliú do d'íocaíocht iomlán nó do chuid di, ag brath ar cé chomh mór atá an srian ar do chumas oibre.

Íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine is ea **Liúntas Míchumais** do dhaoine atá faoi mhíchumas a mheastar a mhairfidh ar a laghad bliain amháin agus a chuireann cosc mór ar a gcumas chun dul go obair. Féadfaidh

tú méid áirithe a thuilleamh ó obair athshlánúcháin fad a bhfuil Liúntas Míchumais á fháil agat.

Más timpiste a tharla san ionad oibre nó galar a fuair tú ann a bhí mar chúis le do ghalar nó do mhíchumas, féadfaidh tú cáiliú don **Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde**.

Má tá tú breoite agus mura gcáilíonn tú d'aon íocaíocht, d'fhéadfá bheith incháilithe do **Liúntas Leasa Forlíontach**, ar a ndéantar tástáil mhaoine.

Íocaíochtaí a bhaineann le bás

Má fhaigheann duine bás a raibh íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil aige, féadfaidh a chéile, a pháirtnéir sibhialta nó a chomhchónaitheoir leanúint lena íocaíocht a fháil ar feadh sé seachtaine i ndiaidh an bháis (nó 12 seachtaine más Liúntas Cúramóra atá i gceist).

Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat, a raibh íocaíocht (Meadú i leith Duine Fásta Cáilithe) i leith do chéile, do pháirtnéir nó do chomhchónaitheoir nach maireann, leanfaidh tú leis an ráta céanna íocaíochta a fháil ar feadh sé seachtaine i ndiaidh an bháis. Is gnách go n-íoctar an íocaíocht shé-seachtaine seo i gcnapshuim.

Íocaíocht sheachtainiúil is ea **Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)** a íoctar le céile nó páirtnéir sibhialta duine a fuair bás. Ní mór go mbeadh dóthain ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC) agat féin nó ag do chéile nó do pháirtnéir sibhialta chun cáiliú. Ag aois 66, méadaítear d'íocaíocht aníos chuig ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach).

Íocaíocht ar a ndéantar tástáil mhaoine is ea **Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)** do bhaintreacha, baintreacha fir nó páirtnéirí sibhialta marthanacha atá faoi

aois 66 bliana gan cleithiúnaithe linbh agus nach gcáilíonn do Phinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach).

Má tá leanbh cleithiúnach agat, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar **an Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora** (má tá do leanbh is óige faoi bhun 7 mbliana d’aois) nó ar an **Socrú idirthréimhseach Liúntas Cuardaitheora Poist** (má tá do leanbh is óige faoi bhun 13 bliana d’aois). Chun ceachtar de na hÍocaíochtaí seo a fháil, ní mór duit coinníoll an ghnáthchónaithe agus tástáil mhaoine a shásamh agus ní mór duit gan bheith i do chomhchónaí le duine eile.

Íocaíocht aonuaire is ea **Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh** a dhéantar le baintreacha, baintreacha fir nó páirtneírí sibhialta marthanacha le leanaí cleithiúnacha. D’fhéadfá cáiliú don deontas seo má tá tú i dteideal ceann d’Íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh a fháil.

Íocaíochtaí breise

Cáilítear gach duine ar aois os cionn 70 bliain a chónaíonn sa Stát don Phacáiste Sochair Teaghlaigh. Cáilítear roinnt daoine faoi 70 bliain d’aois don phacáiste chomh maith. Is iad na liúntais a chomhdhéanann an Pacáiste Sochair Teaghlaigh and Liúntas Leictreachais nó Gáis agus Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce.

Íocaíocht fhorlíontach is ea an **Méadú do Mhaireachtáil Aonair** a dhéantar le daoine a bhfuil Íocaíochtaí áirithe leasa shóisialaigh á bhfáil acu agus atá ina gcónaí ina n-aonar.

Má tá Méadú do Mhaireachtáil Aonair á fáil agat, agus tú cáilithe don Scéim Náisiúnta Breosla freisin, beidh tú incháilithe don **Liúntas Tacaíochta Teileafóin**, a thabharfar isteach i Meitheamh 2018.

Cabhraíonn an **Scéim Náisiúnta Breosla** (Liúntas Breosla) le teaghlaigh a bhraitheann ar Íocaíochtaí fadtéarmacha leasa shóisialaigh agus nach bhfuil

in ann íoc as a riachtanais téimh. Le linn an gheimhridh.

Tugtar méadú ar a bpinsean go huathoibríoch do dhaoine a bhfuil pinsean leasa shóisialaigh Éireannach á fháil acu nuair a bhaineann siad aois 80 bliain amach. Anuas air sin, tugtar méadú do dhaoine atá ina gcónaí ar oileáin áirithe amach ó chósta na hÉireann.

Má bhaineann tú aois 100 bliain amach, féadfaidh tú an **Deontas do Dhaoine in Aois a gCéid** a fháil. Dámhachtain is ea seo a thugann Uachtarán na hÉireann do dhaoine a chónaíonn in Éirinn (gan aird ar náisiúntacht) agus do shaoránaigh Éireannacha a rugadh ar oileán na hÉireann chun a mbreithlá 100 bliain a cheiliúradh.

D'fhéadfadh go dteastódh cúram agus aird lánaimseartha ó roinnt daoine breacaosta agus is cúramóirí go leor daoine breacaosta. Má thugann tú cúram do dhuine áirithe, d'fhéadfá cáiliú d'íocaíocht chúramóra.

Is iad na príomhíocaíochtaí leasa shóisialaigh do dhaoine a sholáthraíonn cúram lánaimseartha ná **Sochar Cúramóra** (bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC) agus **Liúntas Cúramóra** (ar a ndéantar tástáil mhaoine). Féadfaidh tú a bheith i dteideal Liúntas Cúramóra leathráta a fháil má tá íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fáil agat agus má thugann tú cúram do dhuine áirithe óna dteastaíonn cúram lánaimseartha. Mar shampla, is féidir Liúntas Cúramóra leathráta a íoc in éineacht le pinsean Stáit.

Féadtar **Liúntas Cúram Baile** a íoc le daoine a thugann cúram do leanbh faoi aois 16 atá faoi mhíchumas tromchúiseach.

Féadfaidh cúramóirí cáiliú do **Dheontas Tacaíochta do Chúramóirí** (Deontas Cúraim Faoisimh roimhe seo).

Féadfaidh cúramóirí a bheith i dteideal saoire gan phá a ghlacadh ón obair ar feadh a fhad le dhá bhliain chun cúram a thabhairt do dhuine óna dteastaíonn cúram agus aird lánaimseartha. Tugtar **saoire chúramóra** uirthi seo.

Is féidir, freisin, **faoiseamh cánach a fháil** ar na costais a bhaineann le cúramóir a fhostú.

Seirbhísí sláinte

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freagrach as seirbhísí sláinte agus sóisialacha pearsanta a sholáthar. Soláthraíonn FSS roinnt seirbhísí go díreach. Soláthraíonn eagraíochtaí deonacha go leor de na seirbhísí pobail, cónaithe agus oiliúna athshlánaithe, le maoiniúchán ó FSS.

Tá gach duine, gan aird ar náisiúntacht, i dteideal seirbhísí sláinte a fháil, a fhad agus a bhfuil gnáthchónaí orthu in Éirinn. Go hachomair, ciallaíonn **gnáthchónaí** go bhfuil cónaí ort sa Stát ar feadh bliain amháin, ar a laghad, nó go bhfuil sé beartaithe agat cónaí sa Stát ar feadh bliain amháin ar a laghad.

Tugtar **cártaí leighis** do dhaoine ag a bhfuil ioncam íseal agus do dhaoine incháilithe eile. Tugann siad an teidlíocht duit réimse seirbhísí sláinte a fháil saor in aisce. Ina measc seo tá seirbhísí LG (dochtúir teaghlaigh), roinnt drugaí oidis agus seirbhísí ospidéil phoiblí. Tá na huasteorainneacha ioncain níos airde i leith daoine atá os cionn 70 bliain d'aois.

Mura bhfuil tú i dteideal cárta leighis a fháil, d'fhéadfá bheith i dteideal **Cárta Cuairte LG** a fháil. Tugann an cárta seo an teidlíocht duit cuairteanna saor in aisce a thabhairt ar an LG. Tá an cárta seo ar fáil do gach duine atá os cionn 70 bliain d'aois, gan aon tástáil mhaoine.

Tá sealbhóirí cárta leighis i dteideal **cógais ordaithe** a fháil ach ní mór dóibh muirear oidis a íoc. Faoin **Scéim Breoiteachta Fadtéarmaí**, féadfaidh daoine atá thíos le riochtaí áirithe cógais agus fearais saor in aisce a fháil i leith na riochtaí siúd.

Mura bhfuil tú cumhdaithe ag ceachtar de na scéimeanna seo, féadfaidh tú clárú don **Scéim Íocaíochta Drugaí** a íocann as costais oidis a sháraíonn teorainn sheasta mhíosúil.

Gearrann **ospidéil phoiblí muirir** ach tá roinnt daoine díolmhaithe uathu, lena n-áirítear sealbhóirí cárta leighis. Socraíonn ospidéil phríobháideacha a muirir féin agus íocann go leor daoine na muirir seo trí **árachas sláinte**.

Cabhraíonn **seirbhísí cúram pobail** le daoine chun leanúint bheith ina

gcónaí ina bpobail nuair a d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí acu amhlaidh a dhéanamh mar gheall ar bhreioiteacht, míchumas nó aois.

I measc na seirbhísí cúram pobail, tá **altraí sláinte poiblí, oibríthe sóisialta, teiripeoirí saothair, seirbhísí cúntóir baile, seirbhísí cosliachta, seirbhísí urlabhra agus teanga, cúram faoisimh agus cúram lae**. Tugtar **Pacáiste Cúram Baile** ar shraith seirbhísí a sholáthraíonn FSS chun cabhrú le cúram a thabhairt do dhuine breacaosta ina bhaile féin.

Tá athrúcháin fhairsinge le sonrú i soláthar seirbhísí cúram pobail agus ní bhíonn fáil orthu go léir i ngach ceantar. Is féidir leat teacht ar bhreis faisnéise faoin méid atá ar fáil go háitiúil trí fhiafraí de d'Oifig Áitiúil Sláinte, d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh nó de do dhochtúir teaghlaigh.

Más sealbhóir cárta leighis tú, d'fhéadfadh FSS cabhrú leat leis an gcostas a bhíonn ar **áiseanna agus fearais** riachtanacha leighis agus mháinliachta a cheannach (mar shampla, cathaoir rothaí agus áiseanna siúil). Má cheannaíonn tú áiseanna agus fearais áirithe, d'fhéadfá **aisíocaíocht CBL** a éileamh.

Mura bhfuil cárta leighis agat, féadfaidh an **Scéim Sochair Cóireála** thú a íoc as seirbhísí déidliachta, cluaise agus optúla má tá dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat.

Ag bogadh isteach i gcúram cónaithe

Is gnách go reáchtálann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tithe altranais poiblí agus is gnách go reáchtáiltear tithe altranais príobháideacha go príobháideach. Tá siad uile faoi réir na gcaighdeán céanna agus an chórais chéanna iniúchta.

Soláthraíonn an **Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (STTA)**, ar a dtugtar an Margadh Cóir ('Fair Deal') chomh maith, tacaíocht airgeadais do dhaoine óna dteastaíonn cúram fadtéarmach teach altranais. Oibríonn FSS an scéim.

Faoin STTA, déanann tú ranníocaíocht i dtreo chostas do chúraim agus íocann an Stát an t-iarmhéid. Íocann an scéim as gach teach altranais atá faofa.

Sula dtéann tú isteach i dteach altranais, déanann tú féin agus an teach altranais comhaontú ar chonradh cúraim. Leagtar amach sa chonradh seo na téarmaí uile a rialóidh do chúram agus do leas agus ní mór sonraí faoi na seirbhísí a sholáthrófar agus na táillí a ghearrfar a bheith san áireamh.

Má tá táillí teach altranais á n-íoc agat, duit féin nó do dhuine eile, féadfaidh tú faoiseamh ó cháin ioncaim a éileamh ar na táillí faoin **scéim faoisimh ar chostais leighis**.

Tá an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) freagrach as **gach seirbhís chúram cónaithe do dhaoine breacaosta a chlárú agus a iniúchadh**. Áirítear leis seo tithe altranais poiblí, príobháideacha agus deonacha.

Cóiríocht í **Sciath-Thithíocht** do dhaoine a bhfuil riachtanais ar leith acu. Tugann foireann a íoctar tacaíocht do chónaitheoirí ina gcóiríocht. Féadtar tithíocht scoir a thabhairt uirthi seo, chomh maith.

Más duine breacaosta thú ar a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta, nó má tá tú faoi mhíchumas, d'fhéadfá bheith in ann cabhair airgeadais a fháil le haon athruithe a dhéanann tú ar do theach chun áit níos oiriúnaí a dhéanamh de i dtaobh do chuid riachtanas.

Cabhraíonn an **Deontas Oiriúnaithe Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas** le cóiríocht oiriúnach a dhéanamh de chóiríocht do dhuine atá faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtach nó duine ar a bhfuil fadhb mheabhairshláinte.

Mura dteastaíonn ach mionobair uait, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an **Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta** ina ionad sin.

Tá an **Scéim um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta** dírithe ar dhaoine atá ar aois 66 nó os a chionn chun feabhas a chur ar an mbail atá ar a dteach, ach d'fhéadfadh an scéim seo bheith ar fáil ag daoine faoi aois 66 i gcás cruatain.

Tá **aisíocaíocht CBL** le fáil ar chostais áiseanna agus fearais áirithe le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas. Clúdaíonn an scéim seo costais a bhaineann le hobair shuiteála agus oiriúnaithe freisin.

Soláthraíonn an **Scéim um Thithe Fuinnimh Níos Fearr** deontais d'úinéirí tí chun a dtithe a uasghrádú le bearta éifeachtúlachta fuinnimh. Má tá teach ar cíos agat, d'fhéadfadh go mbeadh do thiarna talún in ann deontas a fháil faoin scéim.

Cistíonn an **Scéim 'Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo'** uasghráduithe fuinnimh le haghaidh úinéirí tí ar ísealioncaim.

D'fhéadfá bheith i dteideal creidmheas cánach a fháil faoin **Dreasacht Athchóirithe Tí** mar gheall ar airgead a caitheadh le do theach a oiriúnú.

Má tá riaráistí morgáiste agat, tá d'iasachtóir faoi cheanglas ag dhá chód iompair reachtúla. Is iad seo **Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM)** an Bhainc Cheannais agus a **Chód um Chosaint Tomhaltóirí 2012**. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an **tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA)** chun cabhrú leat déileáil le d'fhiachas.

Tá raon seirbhísí ar fáil tríd an scéim **Abhaile**, atá ar fáil trí SBCA agus a chabhróidh leat dul i ngleic le d'fhadhbanna lena n-áirítear comhairle airgeadais, comhairle dlí agus comhairle dócmhainneachta.

Má tá ísealioncam agat agus má tá áit chónaithe uait, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar **thithíocht údaráis áitiúil**, a leithdháiltear de réir riachtanais. Go ginearálta, cuireann údaráis áitiúla aois san áireamh nuair a bhíonn tús áite á thabhairt acu d'iarratais ar thithíocht. Soláthraíonn roinnt údaráis áitiúla agus **eagraíochtaí deonacha** tithíocht ar leith do dhaoine breacaosta. Tá na cíosa bunaithe ar an gcumas chun íoc.

Má tá tú incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta ach mura bhfuil aon tithíocht sóisialta oiriúnach ar fáil I do cheantar, ba chóir duit cur isteach ar **Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (ÍCT)**. Faoin scéim ÍCT, déanann tú socrú cíosa le tiarna talún priobháideach ÍCT, íocann an t-údarás áitiúil an tiarna talún go díreach agus íocann tú ranníocaíocht chíosa leis an údarás áitiúil, bunaithe ar d'ioncam.

Íoctar **Forlíonadh Cíosa** le daoine atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus nach féidir leo íoc as an gcíos iomlán. Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat le tréimhse fhada, d'fhéadfaí go mbeifeá incháilithe don **Scéim Chóiríochta Ar Cíos (SCC)**, a chuireann tithíocht fhadtéarma ar fáil faoi chomhaontuithe idir údaráis áitiúla agus tiarnaí talún. De rogha air sin d'fhéadfaí go n-iarrfaí ort aistriú go hÍCT.

Soláthraíonn an **Scéim Rabhaidh do Sheanáirí** tacaíocht deontais d'aláraim phearsanta faoi mhonatóireacht chun cabhrú le daoine breacaosta cónaí go slán sábháilte ina dtithe.

Tá fáil ar an **bPas Saorthaistil** ag daoine ar aois 66 bliana agus os a chionn agus ag daoine áirithe atá faoi bhun 66 bliana agus atá faoi mhíchumas. Cheadaíonn sé duit taisteal, saor in aisce, ar iompar poiblí agus ar líon seirbhísí busanna agus farantóireachta príobháideacha. Murar féidir leat taisteal id aonar ar chúiseanna leighis, féadfaidh tú Pas Saorthaistil Chompánaigh a fháil, a cheadaíonn le duine ar bith os cionn 16 bliana d'aois taisteal i do chuideachta.

Braitheann tréimhse dá n-eisítear **ceadúnas tiomána** ar aois an iarratasóra, agus tá rialacha éagsúla i gceist i measc daoine faoi bhun aois 60 bliain d'aois, daoine idir 60 agus 67, daoine idir 67 agus 70 agus daoine os cionn 70.

D'fhéadfadh tiománaithe atá faoi mhíchumas bheith i dteideal **Faoiseamh Cánach do Thiománaithe agus do Phaisinéirí faoi Mhíchumas** agus an **Cárta Páirceála Duine faoi Mhíchumas** a fháil.

Má fhaigheann tú an faoiseamh cánach seo, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar shaorphas ar dholabhóithre trí theagmháil a dhéanamh leis an oibreoir dolabhóithre is gaire duit.

Má tá tú os cionn 65 bliana d'aois, tá tú faoi dhliteanas cáin ioncaim a íoc ar an ngnáthbhealach. Tá **teorainneacha ar dhíolúintí cánach ann**, áfach, do dhaoine atá os cionn 65 bliana d'aois agus tá roinnt creidmheasanna breise cánach ann chomh maith. Má tá d'ioncam faoi bhun na teorann díolúine, ní bheidh tú faoi dhliteanas cáin a íoc.

Tá ioncam ó nach mór gach foinse incháinite. Áirítear leis seo gach íocaíocht fhadtéarmach leasa shóisialaigh, ar nós an Phinsin Stáit agus Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Sibhialta Mharthanaigh. Laghdaíonn creidmheasanna agus faoisimh chánach an méid cánach is gá duit a íoc.

Más í íocaíocht leasa shóisialaigh an t-aon ioncam atá agat, b'fhéidir nach mbeidh ort cáin a íoc mar gheall ar na creidmheasanna cánach a fhaigheann tú. Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh agus foinse eile ioncaim agat, b'fhéidir go mbeidh ort cáin a íoc, mar gheall go bhfuil **formhór na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh incháinite**.

Íoctar **Creidmheas Cánach Aoise** leat anuas ar do chreidmheas cánach pearsanta agus féadtar é a éileamh a luaithe a bhaineann tú féin nó do chéile nó do pháirtneír sibhialta aois 65 amach.

Ní íocann daoine os cionn 66 bliana d'aois **Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta (ÁSPC)**. Má tá tú faoi bhun 66 bliain d'aois, tá tú faoi dhliteanas ÁSPC a íoc ar d'ioncam ó fhostaíocht, ar d'ioncam ó fhéinhostaíocht agus ar d'ioncam neamhthuillte (mar shampla, ioncam ó chíosanna nó ó infheistíochtaí agus ús ar choigiltí).

Íocann sealbhóirí cárta leighis agus daoine os cionn 70 bliain d'aois a bhfuil ioncam acu faoi bhun teorainn áirithe ráta laghdaithe den **Mhuirear Sóisialta Uilíoch**.

Féadfaidh tú **faoiseamh cánach** a éileamh ar chostais leighis a íocann tú féin nó a íocann tú i leith dhuine eile, lena n-áirítear billí dochtúra, fearais, agus costais ospidéal agus teach altranais.

Tá **creidmheasanna cánach méala** ar fáil do bhaintreach, baintreach fir nó páirtneár sibhialta marthanach.

Níl **faoiseamh cánach cíosa** ar fáil ach do dhaoine a raibh cóiríocht ar cíos acu an 7 Nollaig 2010. Íoctar faoiseamh cánach cíosa ar ráta níos airde i gcás daoine atá os cionn 55 bliain d'aois. (Níl an faoiseamh seo ar fáil a thuilleadh ach is féidir é a éileamh i 2018 i leith na 4 bhliana atá caite.)

Tá fáil ar **Chreidmheas Cánach Cúramóir Baile** ag lánúineacha pósta nó páirtnéirí sibhialta, nuair a oibríonn duine díobh sa bhaile ag tabhairt cúraim do dhuine os cionn 65 bliana d'aois, do leanbh, nó do dhuine atá faoi mhíchumas óna dteastaíonn cúram. Tá liúntas cánach ann do **chúramóir a fhostú**, chomh maith.

D'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag an **gCreidmheas Cánach i leith gaoil chleithiúnaigh** má choimeádann tú gaol atá faoi mhíchumas nó atá os cionn aois 65, nó má choimeádann tú mac nó iníon a chónaíonn leat agus a mbraitheann tú air/uirthi mar gheall ar sheanaois nó éiglíocht.

D'fhéadfadh **gníomhais chúnaint** coigiltí cánach a chur ar fáil nuair a thugann duine amháin airgead do dhuine eile atá os cionn 65 bliana d'aois nó atá faoi éagumas buan.

D'fhéadfadh **ciste iontaobhais** a thiomsaítear chun sochair duine atá faoi éagumas iomlán agus buan bheith díolmhaithe ó cháin.

Má tá tú os cionn bliain 65 d'aois nó faoi éagumas buan agus nach gá duit cáin a íoc mar gheall go bhfuil ísealioncam agat, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar dhíolúine **ó Cháin Choinneála ar Ús Taisce (CCÚT)**, a ghearrtar ar ús a thuilltear ar choigiltí.

D'fhéadfá bheith in ann **Aisíocaíocht Cháin Bhreisluacha (CBL) ar áiseanna agus fearais** a éileamh.

Tá fáil ar **fhaoiseamh cánach** ar ranníocaíochtaí le pinsin ghairme, pinsin phearsanta agus Cuntais Phearsanta Coigiltis Scoir (CPCSanna) – bunaítear méid an fhaoisimh ar aois. Má fhaigheann tú cnapshuim ar dhul ar scor, cuirtear teorainn ar shuim na cnapshuime atá saor ó cháin.

Níl aon **aois scoir** ar leith in Éirinn agus is í 65 an aois is comónta don scor i gconarthaí fostaíochta. Déanann go leor conarthaí fostaíochta foráil do luathscor ó aois 60 bliain, áfach, (nó i roinnt cásanna, ó aois 55 bliain). Déanann an chuid is mó díobh foráil do luathscor ar fhorais sláinte chomh maith.

Tá aois éigeantach scoir ann i go leor conarthaí fostaíochta – an aois ar ar gá duit dul ar scor. Is é 65 bliain an ghnáthaois scoir i gconarthaí fostaíochta. Faoin reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta, a dhéanann foráil do **chomhionannas aoise san fhostaíocht** is féidir le fostóir aois scoir shainordaitheach a leagan síos ar an gcoinníoll go gcosnaítear é ar bhonn tosa oibiachtúla.

Tá an Pinsean Stáit (Ranníocach) agus an Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) iníoctha ó aois 66 (ardófar an aois incháilithe go 67 in 2021). I gcásanna áirithe, má tá ar dhaoine dul ar scor ag aois 65, is féidir leo cáiliú **d'íocaíocht cuardaitheora poist** go dtí go mbaineann siad aois an phinsin amach. Má tá tú **ag obair le linn scoir**, tá na **cearta fostaíochta** céanna agat atá ag gach duine eile.

Ní dhéanann ioncam eile, cibé acu más ó fhostaíocht nó ó fhoinsí eile atá sé, aon difear do phinsean ranníocach, ar nós Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) nó an Phinsin Stáit (Ranníocach). Laghdaítear an chuid is mó de na híocaíochtaí neamh-ranníocacha nó ar a ndéantar tástáil mhaoine má tá ioncam eile agat. Tá cúinsí ann inar féidir leat cuid d'íocaíocht a choimeád fad atá tú ag obair go páirtaimseartha.

Má roghnaíonn tú chun dul ar scor go luath, b'fhéidir go mbeidh ort bearta éagsúla a ghlacadh lena chinntiú go **gcoimeádann tú do theidlíocht do phinsean leasa shóisialaigh**.

Soláthraíonn líon eagraíochtaí ar fud na tíre cúrsaí réamhscoir a d'fhéadfadh cabhrú leat réiteach chun dul ar scor.

Coincheap atá i scor gníomhach a bhfuil tóir níos mó air le déanaí agus tá réimse **d'eagraíochtaí gníomhaíochta lucht scoir** ann a chuireann oideachas agus gníomhaíochtaí fóillíochta chun cinn le haghaidh daoine atá ar scor.

Má chuirtear ina luí ort dul ar luathscor, d'fhéadfá caitheamh leat féin amhail bheith **dífhostaithe** seachas a bheith ar scor agus b'fhéidir go dteastódh faisnéis uait ar shochair le haghaidh daoine dífhostaithe. Má dhéantar iomarcach thú, d'fhéadfá cáiliú **d'íocaíocht reachtúil iomarcaíochta**. Má théann tú ar luathscor, ar chúis ar bith, d'fhéadfá cáiliú do **Shochar Cuardaitheora Poist** nó do **Liúntas Cuardaitheora Poist**.

Pinsin ghairme agus pearsanta

D'fhéadfá bheith mar chomhalta de scéim pinsin gairme nó d'fhéadfadh go bhfuil Cuntas Pearsanta Coigiltis Scoir (CPCS) nó pinsean pearsanta agat.

Eagraíonn fostóirí **pinsin cheirde** chun pinsin a sholáthar d'fhostaithe ar dhul ar scor dóibh nó do chleithiúnaithe marthanacha ar bhás fostaí. D'fhéadfaidís bheith ranníocach nó neamh-ranníocach. I scéimeanna ranníocacha, íocann tú féin agus d'fhostóir ranníocaíochtaí i dtreo na scéime. I scéimeanna neamh-ranníocacha, ní íocann tú aon ranníocaíochtaí ach íocann d'fhostóir.

Eagraíonn daoine féinfhostaithe, nó daoine fostaithe nach bhfuil scéim pinsin gairme acu, **Cuntais Phearsanta Coigiltis Scoir (CPCSanna)** agus **pinsin phearsanta** iad féin.

Scéim atá i **scéim pinsin sochair shainithe** ina shainítear teidlíocht an tsochair ar bhealach éigin, mar shampla, trí thagairt a dhéanamh do do thuillimh, d'fhad do sheirbhíse, d' innéacs, nó do shuim sheasta.

Scéim atá i **scéim pinsin ranníocaíochta sainithe** ina bhfuil an ranníocaíocht seasta tar éis comhaontú a dhéanamh uirthi, ach go ndéantar cinneadh ar na sochair trí thagairt a dhéanamh do luach na ranníocaíochtaí a íocadh faoin scéim agus nach bhfuil siad seasta roimh ré.

Íocaíochtaí breise iad **Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise (RSBanna)** a dhéanann tú chun cur le do chuid sochair phinsin, sa chás go gceadaítear seo faoi rialacha do scéime pinsin.

Go ginearálta, is gá duit déileáil go díreach leis an soláthróir pinsin lena dheimhniú go díreach cén sochair a thugann do phinsean duit. Is é an **tÚdarás Pinsean** an comhlacht rialála le haghaidh pinsin ghairme agus CPCSanna. Má tá gearán agat, cuirfidh an tÚdarás thú ar an eolas faoi do chuid chearta. Déanann Ombudsman na **Seirbhísí Airgeadais agus na bPinsean** gearáin maidir le pinsin ghairme agus CPCSanna a fhiosrú agus cinneadh orthu.

Cinntí a dhéanamh

Tá an ceart ag gach duine fásta chun cinntí a dhéanamh faoina saol, a n-airgeadas agus a gcúram pearsanta agus sláinte.

Murar féidir leat déileáil le do chuid gnóthaí a thuilleadh, ar chúis ar bith, tá socruithe éagsúla dleathacha ann is féidir leat a dhéanamh go ndéanfaidh duine eile na rudaí seo thar do cheann. Tá cuid de na socruithe seo sách teoranta ach bronnann cinn eile cumhachtaí i bhfad níos fairsinge.

Má tá tú in ann do ghnóthaí airgeadais féin a bhainistiú, ach mura bhfuil tú in ann d'íocaíocht leasa shóisialaigh féin a bhailiú, féadfaidh tú **gníomhaire a cheapadh chun d'íocaíocht leasa shóisialaigh a bhailiú** duit, ar bhonn gearrthéarmach nó fadtéarmach. Murar féidir leat do ghnóthaí féin airgeadais a bhainistiú, féadfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí gníomhaire a cheapadh.

Cáipéis atá i **gcumhacht aturnae** ina n-údaraióinn duine amháin (an deontóir) duine eile (an deontáí nó an t-aturnae) chun gníomhú dóibh i roinnt ceisteanna i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa cháipéis.

Féadfaidh cumhacht aturnae a bheith teoranta i leith chuspóir ar leith, mar shampla, do theach a dhíol gan tú a bheith i láthair, nó d'fhéadfadh rudaí níos ginearálta bheith i gceist léi, ar nós an teidlíocht a thabhairt don aturnae chun nach mór gach rud a dhéanamh duit a dhéanfá féin.

Cumhacht atá i **mbuanchumhacht aturnae** ina bhfuil ráiteas a dhéanann tú (an deontóir) go bhfuil cumhacht oibriúcháin beartaithe agat sa chás nach mbíonn tú in ann aige, mar gheall ar chúrsaí meabhrach. Ní mór go gcomhlíonfadh an chumhacht seo ceanglais dhlíthiúla eile. Ní mór buanchumhacht aturnae a chlárú le Cláráitheoir Coimircí na gCúirteanna.

Féadtar maoin, lena n-áirítear sócmhainní airgid, a shealbhú ar **iontaobhas** thar ceann duine eile nó chun cuspóir ar leith a bhaint amach. Trí iontaobhas a chruthú, féadfaidh tú a chinntiú, sa chás go dtagann éagumas meabhrach ort, go mbainisteofar do ghnóthaí ar bhealach ar leith.

Is é an córas **Coimircithe Cúirte**, go héifeachtach, an t-aon bhealach inar féidir déantóir ionaid cinntí a ghearradh ar dhuine fásta. D'fhonn go ndéanfar Coimircí Cúirte díot, ní mór go mbeifeá "mímheabhrach" ach gan bheith in ann tú féin nó do mhaoin a bhainistiú.

Go ginearálta, ní féidir tabhairt faoi ghnáthaimh leighis agus mháinliachta gan toiliú feasach a fháil ó othair fhásta. Má tá cóir leighis ag teastáil ó Choimircí Cúirte agus má theastaíonn ón ospidéal go síneofaí foirm ina leith, ba cheart cead a fháil ó Uachtarán na hArdChúirte. Nuair is cás éigeandála é, b'fhéidir nach féidir é sin a dhéanamh. Sa chás seo, leantar leis na modhanna leighis mar is ghnáth.

Nuair a chuirfear chun feidhme an reachtaíocht nua atá tugtha isteach déileálfaidh sé le cinntí a dhéanamh le cabhair agus le **réamhthreoracha cúraim** agus cuirfear Seirbhís Tacaíochta Cinntí ar bun.

Ceisteanna dlí eile

Comhionannas

Déanann an reachtaíocht chomhionannais idirdhealú a eisreachtú ar réimse foras ar leith, aois san áireamh.

Seirbhís ghiúiré

Go ginearálta, tá **seirbhís ghiúiré** éigeantach i measc daoine idir aois 18 agus 65 atá ar chlár na dtoghthóirí. Má tá tú 65 bliain d'aois nó os a chionn, tá tú "inscaoilte ón ghiúiré de bharr na gceart atá agat". Ciallaíonn seo gur féidir thú a ghairm chun seirbheáil ar ghiúiré agus gur féidir leat amhlaidh a dhéanamh, ach gur féidir leat a insint don chúirt mura dteastaíonn uait seirbheáil.

Uacht a dhéanamh

Tá sé tábhachtach **uacht** a dhéanamh lena chinntiú go dtugtar faoi do chuid mianta. Anuas air sin, má dhéantar amhlaidh, ní bheidh sé chomh costasach agus chomh deacair céanna d'eastát a riaradh.

Má tá uacht ann, tá de cheart ag an céile nó ag an páirtneír sibhialta chun **sciar dleathúil** d'eastát an mhairbh a fháil. Mura bhfuil aon leanaí ann, tá an céile nó an páirtneír sibhialta i dteideal leath an eastáit a fháil. Má tá leanaí ann, tá an céile nó an páirtneír sibhialta i dteideal trian den eastát a fháil.

Má dheimhníonn tú go ndearna do chéile nó do pháirtneír sibhialta uacht nach n-aithníonn do sciar cirt dhlíthiúil, féadfaidh tú do cheart a éileamh fós féin.

Tá rialacha seasta ann faoin méid a tharlaíonn do d'eastát mura ndearna tú uacht – is é an téarma dlí ná go bhfuair tú bás **go díthiomnach**.

Ar cholscaradh nó **díscaoileadh páirtneireachta sibhialta**, cailleann céile nó páirtneír sibhialta cearta comharbais. Nuair a dhéanann an chúirt measúnú ar shaincheisteanna ar nós cothabhála agus maoine, áfach, ní mór di aon sochar a chur san áireamh, a chailleann céile nó páirtneír sibhialta mar thoradh ar cholscaradh nó díscaoileadh.

Gearáin agus achomhairc

Mura bhfuil tú sásta le seirbhís a fuair tú, nó má bhraitheann tú gur caitheadh go héagórach leat nuair a bhí do chuid teidlíochtaí a n-éileamh agat, féadfaidh tú gearán nó achomharc a dhéanamh. Mar shampla, má dhiúltaítear íocaíocht leasa shóisialaigh duit nó má fhaigheann tú íocaíocht níos ísle ná mar a raibh tú ag súil leis, féadfaidh tú an cinneadh a achomharc leí an **Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh**.

Tá faisnéis ar **healthcomplaints.ie** ar conas gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Ma tá buarthaí agat faoi do chúram i dteach altranais is féidir leat gearán a dhéanamh leis an **Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS)**.

Is féidir le duine muinteartha leat nó duine eile a ghníomhaíonn thar do cheann gearán a dhéanamh ar do shon.

Féadfaidh **an tOmbudsman** gearáin faoi chomhlachtaí poiblí a fhiosrú. Faoin Acht um Míchumas, 2005, tá ról ag an Ombudsman, chomh maith, chun gearáin faoi inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí a fhiosrú.

Breis faisnéise

Ar líne

Féadfaidh tú tuilleadh faisnéise a fháil ar aon cheann de na hábhair a chuimsítear sa leabhrán seo ar **citizensinformation.ie**. Tá leagan ar líne den treoir seo ina bhfuil naisc le faisnéis mhionsonraithe ar gach ceann de na hábhair ar a bhfuil cló trom, ag **citizensinformation.ie/treoracha**

An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Má tá ceist ar bith agat faoi aon chuid den fhaisnéis a chuimsítear sa leabhrán seo, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000 ó Luan go hAoine, idir 9rn agus 8in.

Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun teacht ar fhaisnéis agus comhairle. Aimsigh an t-ionad is gaire duit ag **centres.citizensinformation.ie**.

An tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas

Seirbhís ionadaíoch abhcóideachta atá neamhspleách, rúnda agus saor in aisce atá sa tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas (SNA). Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an SNA ar 0761 07 3000.

An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA)

Seirbhís saor in aisce agus rúnda atá sa tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA) do dhaoine ag a bhfuil fiachas nó atá i mbaol fiachas a chruthú. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le Líne Chabhrach SBCA ar 0761 07 2000, ó Luan go hAoine, idir 9rn agus 8in

Assist Ireland

Cuimsítear ar an láithreán gréasáin **assistireland.ie** faisnéis ar áiseanna laethúla maireachtála, áiseanna soghluaisteachta agus teicneolaíocht chúnta.

Aibreán 2018

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faisnéis, comhairle agus abhcóideacht neamhspleách ar fáil ar sheirbhísí poiblí agus sóisialta trí citizensinformation.ie, tríd an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tríd an líonra Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Tá sé freagrach as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid agus cuireann sé an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil.

Faisnéis do Shaoránaigh



citizensinformation.ie



0761 07 4000

Luan go hAoine, 9rn – 8in



Buail isteach

215 ionad ar fud na tíre

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

Urlár na Talún
Teach Ché Sheoirse
43 Sráid Chnoc na Lobhar
Baile Átha Cliath 2
D02 VK65

Guthán: 0761 07 9000
Facs: 01 605 9099
Ríomhphoist: eolas@ciboard.ie
Láithreán gréasáin:
citizensinformationboard.ie